

Treoir maidir le hiarratas Pleanála Bailí a chur isteach

Ar Iarratas Pleanála a fháil dó, déanfaidh an tÚdarás Pleanála scrúdú tosaigh chun a mheasúnú an bhfuil nó nach bhfuil an t-iarratas á dhéanamh i gcomhréir leis na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú). Cinntíonn sé sin gur comhsheasmhach a bheidh gach iarratas agus go gcuimseofar iontu an fhaisnéis ábhartha chun go mbeifear in ann measúnú a dhéanamh ar an fhorbairt a bheartaítear.

Is é aidhm na treorach seo a leanas cabhrú le hiarratasóir/gníomhaire Iarratas Bailí a dhéanamh.

- Tabhair faoi deara gur treoir neamh-uileghabhálach í seo agus go bhfuil de dhualgas ar an iarratasóir go fóill a chinntiú go gcloíonn a (h)iarratas go hiomlán leis na Rialachán um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú).
- Tabhair faoi deara go bhféadfar iarratas a mheastar a bheith bailí ar dtús a mheas a bheith neamhbhailí ag céim níos déanaí tar éis iniúchadh láithreáin a dhéanamh (e.g. níl fógra láithreáin ann/tá sé doléite, ní léirítear leagan amach reatha an láithreáin go cruinn san iarratas curtha isteach, etc.).
- Tabhair faoi deara nach féidir iarratas ar chead sracléaraíde a dhéanamh le haghaidh forbairt a choinneáil, oibreacha ar dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe ná oibreacha a bhfuil gá le ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú nó ceadúnas dramhaíola ina leith.
- Ina theannta sin, ní féidir iarratas a bhreithniú i gcás go bhfuil achomharc á dhéanamh chuig an Bhord Pleanála ar an láithreán céanna le haghaidh forbairt chomhchosúil.

Foirm Iarratais:

- ✓ **Foirm Iarratais lán-chomhlánaithe** san fhormaid cheadaithe.
- ✓ **Leathán Breise Faisnéise Teagmhála** – tabhair sonraí teagmhála an iarratasóra agus sonraí teagmhála an ghníomhaire (Tabhair faoi deara – ní fhoilseofar an fhaisnéis sin).
- ✓ Déan deimhin de gurb ionann ainm an iarratasóra agus an t-ainm a thugtar san Fhógra Láithreáin agus san Fhógra Nuachtáin.
- Déanfar an t-iarratas in ainm duine aonair/daoine aonair nó in ainm Cuideachta Teoranta.
- ✓ Déan deimhin de go bhfuil síniú agus dáta curtha leis an fhoirm iarratais.

Táille:

- ✓ Tabharfar an **táille chúí** i dteannta an iarratais. Féach an sceideal táillí.
- **Foirm Bhreise Táille** – d'fhéadfadh go mbeadh sé ina bhuntáiste an fhoirm seo a thabhairt chun a thaispeáint conas a ríomhadh an táille.

Doiciméid Bhreise:

- ✓ I gcás go bhfuil sé beartaithe dramhuisce a dhiúscairt ón fhorbairt a bheartaítear chuig áit nach séarach poiblí é, tabharfar **measúnú oiriúnachta láithreáin** le haghaidh an chórais chóireála dramhuisce a bheartaítear, mar aon le faisnéis faoin chóras cóireála ar an láithreán a bheartaítear.
- ✓ I gcás iarratas ar chead le haghaidh tithe nó tithe agus forbairt eile a fhorbairt, rud a bhfuil feidhm ag alt 96 den Acht maidir leis, ní mór tograí ina léirítear conas a bheartaíonn an t-iarratasóir cloí leis an Straitéis Tithíochta a chur isteach i dteannta an iarratais.
 - (Comhaontú i bprionsabal, na gnéithe airgeadais den togra faoi Chuid V, Deimhniú Díolúine faoi alt 97)
- ✓ I gcás nach bhfuil an t-iarratasóir ar úinéir dlíthiúil na talún nó an déanmhais lena mbaineann, ní mór **litir toilithe** ón úinéir leis an iarratas a dhéanamh a thabhairt.
- ✓ Maidir le hiarratas pleanála ar aon fhorbairt arb éard í, nó ar cuid di, aon athrú ábhartha a dhéanamh ar úsáid aon déanmhais nó talún eile nó ar aon athrú ábhartha úsáide den sórt sin a choinneáil, nó mór **ráiteas ar an úsáid láithreach agus ar an úsáid a bheartaítear** mar aon le mionsonraí faoi **chineál agus méid aon úsáide beartaithe den sórt sin** a thabhairt ina theannta.
 - I gcás go mbaineann an t-iarratas le hoibreacha ar **dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe** nó le hoibreacha i ndéanmhas cosanta nó i ndéanmhas cosanta beartaithe, ní mór pleananna, grianghraif agus líníochtaí ina léirítear conas a dhéanfaidh an fhorbairt difear do shainghné an déanmhais a chur isteach mar chuid den iarratas.

Fógra Nuachtáin:

- ✓ Foilseofar Fógra Nuachtáin i **Nuachtán Ceadaithe**. Féach an Liosta de Nuachtáin Cheadaithe, áit a mionsonraítear nuachtáin inghlactha do na ceantair éagsúla den Chontae.
- ✓ Beidh **“Comhairle Contae Dhún na nGall”** mar **cheannteideal** ag an Fhógra Nuachtáin.
- ✓ Cuimseofar san Fhógra Nuachtáin **ainm an iarratasóra, an seoladh/baile fearainn ceart, an cineál ceada a iarrtar** (cead, cead srac léaráide, cead de dhroim cead srac léaráide nó cead le haghaidh coinneáil) agus **cur síos achomair cruinn ar an fhorbairt**. Beidh an fhaisnéis sin ag teacht leis an fhaisnéis san Fhógra Láithreáin.
- ✓ Ba cheart an ráiteas seo a leanas a bheith ar áireamh san Fhógra Nuachtáin:

“Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigi an údaráis pleanála le linn a uaireanta oscailte don phobal. Féadfar aighneacht nó tuairim a bhaineann leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála ar an táille fhorordaithe €20.00 a íoc laistigh de thréimhse 5 seachtaine dar tosach an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas”

- ✓ Déanfar **an leathanach ábhartha ón Nuachtán** nó cóip den leathanach sin a **chur ar áireamh** san iarratas curtha isteach. Ba cheart teideal an nuachtáin agus dáta an fhoilsithe a bheith soléite ar an leathanach.

Tabhair faoi deara: Tá an t-iarratas le cur isteach laistigh de 14 lá ó fhoilsiú an Fhógra Nuachtáin.

(Is é Lá 1 dáta an fhoilsithe).

- I gcás **Cead atá de dhroim Cead Sracléaráide**, tagrófar san Fhógra Nuachtáin don Uimhir Iarratais ábhartha den Chlár Pleanála Sracléaráide.
- I gcás go mbaineann an fhorbairt le hoibreacha ar **Dhéanamhas Cosanta nó ar Dhéanamhas Cosanta Beartaithe**, luafar an fhír sin.
- I gcás go mbaineann an fhorbairt le **Crios Forbartha Straitéisí**, luafar an fhír sin.
- I gcás go gcuireann an fhorbairt as do ghníomhaíocht, nó gur chun críocha gníomhaíochta í, a bhfuil gá le **ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú** nó **ceadúnas dramhaíola** ina leith, luafar an fhír sin.
- I gcás go bhfuil **Measúnacht Tionchair Natura** nó **Measúnacht Tionchair Timpeallachta** ar áireamh san iarratas, luafar an méid sin san fhógra nuachtáin. Luafar freisin go bhfuil Measúnacht Tionchair Natura agus/nó Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil lena hiniúchadh/lena n-iniúchadh nó lena ceannach/lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip den Mheasúnacht sin a dhéanamh.

Fógra Láithreáin:

- ✓ Beidh **“Comhairle Contae Dhún na nGall”** mar **cheanteideal** ag an Fhógra Láithreáin.
- ✓ Go díreach faoi **“Comhairle Contae Dhún na nGall”**, beidh na focail **“Fógra Láithreáin”** mar fho-cheanteideal ag an fhógra.
- ✓ Cuimseofar san Fhógra Láithreáin **ainm an iarratasóra, an seoladh/baile fearainn ceart, an cineál ceada a iarrtar** (cead, cead sracléaráide, cead de dhroim cead sracléaráide nó cead le haghaidh coinneáil) agus **cur síos achomair cruinn ar an fhorbairt**. Beidh an fhaisnéis sin ag teacht leis an fhaisnéis san Fhógra Nuachtáin.
- ✓ Ba cheart an ráiteas seo a leanas a bheith ar áireamh san Fhógra Láithreáin:
“Féadfar an t-iarratas pleanála a iniúchadh, nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, ag oifigí an údaráis pleanála le linn a uaireanta oscailte don phobal. Féadfar aighneacht nó tuairim a bhaineann leis an iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig an údarás pleanála ar an táille fhorordaithe €20.00 a íoc laistigh de thréimhse 5 seachtaine dar tosach an dáta a fhaigheann an t-údarás an t-iarratas, agus breithneoidh an t-údarás pleanála aighneachtaí nó tuairimí den sórt sin agus cinneadh á dhéanamh aige ar an iarratas. Féadfaidh an tÚdarás Pleanála cead a dheonú faoi réir coinníollacha nó gan coinníollacha a fhorchur, nó féadfaidh sé diúltú do chead a dheonú”

- ✓ Beidh an Fógra Láithreáin **sínithe ag an iarratasóir nó ag an ghníomhaire**. I gcás go bhfuil Fógra Láithreáin sínithe ag gníomhaire, beidh **sonraí teagmhála an ghníomhaire** ar áireamh ann freisin.
- ✓ Beidh **dáta cuir suas** an fhógra ar taispeáint san Fhógra Láithreáin freisin.
- ✓ Beidh an fógra láithreáin ar **chúlra bán**. Más rud é go bhfuair an tÚdarás Pleanála iarratas bailí laistigh de na 6 mhí roimhe sin a bhaineann leis an láithreán céanna nó le cuid shubstaintiúil den láithreán céanna, beidh an fógra láithreáin ar **chúlra buí**.
- ✓ Déanfar **cóip den Fhógra Láithreáin mar a cuireadh suas é** a chur isteach mar chuid den iarratas curtha isteach.

Tabhair faoi deara: Tá an t-iarratas le cur isteach laistigh de 14 lá ó chur suas an Fhógra Láithreáin.

(Is é Lá 1 dáta cuir suas an fhógra).

- I gcás **Cead atá de dhroim Cead Sracléaráide**, tagrófar san Fhógra Láithreáin don Uimhir Iarratais ábhartha den Chlár Pleanála Sracléaráide.
- I gcás go mbaineann an fhorbairt le hoibreacha ar **Dhéanamhas Cosanta nó ar Dhéanamhas Cosanta Beartaithe**, luafar an fhíric sin.
- I gcás go mbaineann an fhorbairt le **Crios Forbartha Straitéisí**, luafar an fhíric sin.
- I gcás go gcuireann an fhorbairt as do ghníomhaíocht, nó gur chun críocha gníomhaíochta í, a bhfuil gá le **ceadúnas um rialú comhtháite ar thruailliú** nó **ceadúnas dramhaíola** ina leith, luafar an fhíric sin.
- I gcás go bhfuil **Measúnacht Tionchair Natura** nó **Measúnacht Tionchair Timpeallachta** ar áireamh san iarratas, luafar an méid sin san fhógra láithreáin. Luafar freisin go bhfuil Measúnacht Tionchair Natura agus/nó Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar fáil lena hiniúchadh/lena n-iniúchadh nó lena ceannach/lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip den Mheasúnacht sin a dhéanamh.

Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin:

- ✓ Cuirfear **6 chóip** den léarscáil de shuíomh an láithreáin isteach.
- ✓ Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin atá ar **scála nach lú ná 1:1000 le haghaidh forbairt i gceantar ina bhfuil go leor tógála déanta nó 1:2500 i ngach ceantar eile**. Ag brath ar chineál agus méid na forbartha, is féidir scálaí eile a chomhaontú leis an Údarás Pleanála sula gcuirfear iarratas isteach.
- ✓ Léireofar **teorainn an láithreáin i gcló dearg** ar an Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin.
- ✓ Léireofar **gabháltas foriomlán an iarratasóra i gcló gorm** ar an Léarscáil de Shuíomh an Láithreáin.
- ✓ Léireofar **i gcló buí** aon **cheadanna slí** is infheidhme maidir leis an iarratas.
- ✓ Léireofar **Pointe an Tuaiscirt** ar an léarscáil agus cuirfear **uimhir an Leatháin Suirbhéireacht Ordanáis** lena mbaineann in iúl freisin.
- ✓ Léireofar **suíomh an Fhógra Láithreáin**. Tabhair faoi deara nach mór Fógra Láithreáin a chur suas in áit phoiblí. Is ceadmhach fógraí breise a chur suas i gcás go bhfuil an fhorbairt

lonnaithe fad réasúnach ón bhóthar poiblí is gaire. Ba cheart suíomh aon fhógraí láithreáin breise a chur in iúl ar an léarscáil freisin.

Leagan amach an Láithreáin:

- ✓ Cuirfear **6 chóip** de phlean leagan amach an láithreáin isteach.
- ✓ Tarraingeofar leagan amach an láithreáin ar **scála nach lú ná 1:500**.
- ✓ Beidh **teorainn an láithreáin** imlínithe i gcló dearg agus beidh sí ag teacht le teorainn an láithreáin mar a léirítear í ar an léarscáil de shuíomh an láithreáin.
- ✓ Léireofar i bplean leagan amach an láithreáin foirgnimh, bóithre, teorainneacha, umair sheipteacha, limistéir shíothlaithe, toibreacha tollta agus clampáí suntasacha crann ar bith agus gnéithe eile atá ar an talamh nó an déanmhas lena mbaineann an t-iarratas, atá taobh leis an talamh nó an déanmhas sin nó atá cóngarach di/dó.
- ✓ Léireofar i bplean leagan amach an láithreáin leibhéal **comhrianta** na talún agus na ndéanmhas beartaithe i gcoibhneas le **tagraí Suirbhéireacht Ordanáis nó le tagarmharc áitiúil sealadach**.
- ✓ Léireofar i bplean leagan amach an láithreáin **fad gach struchtúir bheartaithe ó theorainneacha** an láithreáin, agus iad marcáilte i gcló dearg.
- ✓ Léireofar **Pointe an Tuaiscirt** i bplean leagan amach an láithreáin.
- ✓ I gcás go bhfuil sé beartaithe déanmhas a **scartáil**, léireofar lorg an déanmhais sin go soiléir i bplean leagan amach an láithreáin.

Bonnchlónna, Ingearchlónna agus Codanna:

- ✓ Cuirfear **6 chóip** de na bonnchlónna, na hingearchlónna agus na codanna isteach.
- ✓ Beidh na bonnchlónna ar **scála méadrach** atá cothrom le 1:200 ar a laghad nó níos mó
- ✓ Léirítear in ingearchlónna na príomhghnéithe d'fhoirgnimh atá **comhtheagmhálach** leis an déanmhas a bheartaítear
- ✓ I gcás iarratais ar bhreiseanna, ar athruithe nó ar choinneáil, déanfar **idirdhealú** soiléir idir na hoibreacha a bheartaítear agus an déanmhas atá ann cheana/déanmhas nach bhfuil mar chuid den iarratas reatha
- ✓ Léireofar i ngach ceann de na pleananna agus na líníochtaí, etc., na **toisí foriomlána** agus **airde fhoriomlán mullaigh** na ndéanmhas.
- ✓ I gcás go mbeadh obair ar **dhéanmhas cosanta nó ar dhéanmhas cosanta beartaithe** i gceist leis an fhorbairt, léireofar sna líníochtaí na príomhghnéithe d'aon fhoirgnimh laistigh de chúirtealáiste an déanmhais a ndéanfadh an fhorbairt a bheartaítear difear ábhartha dóibh.
- ✓ I gcás go bhfuil sé beartaithe **Déanmhas Cosanta nó Déanmhas Cosanta Beartaithe a scartáil**, cuirfear pleananna urláir, ingearchlónna agus codanna ar áireamh san iarratas.

Faisnéis Bhreise

Bheadh sé ina bhuntáiste ollmhór dá gcuirfí an fhaisnéis seo a leanas ar fáil nuair atá iarratas á chur isteach chuig an Údarás Pleanála. Tríd an fhaisnéis sin a chur ar fáil, cabhrófar le moilleanna neamhriachtanacha ar an phróiseas cinnteoireachta a sheachaint agus laghdófar go mór an dóchúlacht go ndéanfar iarraidh le haghaidh Faisnéis Bhreise ar iarratas.

I gcás gach Iarratais

- TTS1 Ráiteas Tráchtá agus Iompair
- TTS2 Ráiteas Tráchtá agus Iompair (Eolas Breise) (Le líonadh isteach i gcás go sroichtear aon cheann de na tairseacha a bhfuil cur síos orthu i dTábla 2.1 de Threoirlínte an Údaráis um Bóithre Náisiúnta do Mheasúnú Tráchtá agus Iompair)
- Línte Amhairc agus litreacha toilithe a bhaineann le línte amhairc a chothabháil
- Fianaise dhoiciméadach i riocht suirbhé tráchtá/luais i gcás go bhfuil maolú á lorg ó thaobh línte amhairc de
- I gcás gur dóigh d'fhorbairt cur leis an ualú ar chóras cóireála dramhuisce atá ann cheana nó go bhfuil cead coinneála á lorg le haghaidh córas cóireála dramhuisce atá ann cheana, bheadh sé ina bhuntáiste dá gcuirfí tuarascáil ghairid ar fáil ar an chóras atá ann cheana agus ar an limistéar síothlaithe, etc., maidir le feidhmiúlacht agus le hacmhainn, etc.
- Mionsonraí faoi dhraenáil bhréan/Draenáil Stoirme/Soláthar Uisce
- Uimhir an Cheadúnais Suirbhéireacht Ordanáis

Faisnéise sa Bheis i gcás Iarratais ar Thithíocht Tuaithe

- Foirm Iarratais Fhorlíontach ar Thithíocht atá comhlánaithe
- Doiciméid Bona Fide – fianaise á léiriú go bhfuil an t-iarratasóir ag comhlíonadh na mbeartas ábhartha den Phlean Forbartha Contae i dtaca leis an cheantar a mbeartaítear teaghais a thógáil ann